Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 11 Márta 2021
(OR. en)

6919/21

LIMITE

AGRI 129
AGRIFIN 33
AGRIORG 32
AGRISTR 20
CODEC 353
CADREFIN 126

PUBLIC

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0217(COD)**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 9634/18 + COR1 + ADD1 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013<br>- *Ullmhúchán do dhíospóireacht na Comhairle* |

# I. RÉAMHRÁ

1. An 1 Meitheamh 2018, mhol an Coimisiún athchóiriú ar an gComhbheartas Talmhaíochta (CBT). Áirítear sa phacáiste um athchóiriú togra le haghaidh rialachán nua maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air (dá ngairfear anseo feasta: an Rialachán Cothrománach). Agus an taithí dhearfach maidir le feidhmiú Rialachán Cothrománach reatha 1306/2013 á chur san áireamh, go bunúsach, choinneofaí leis an togra na heilimintí atá ag feidhmiú go maith, amhail na comhlachtaí rialachais sna Ballstáit. Ní mór an Rialachán a leasú, áfach, chun é a ailíniú leis an tsamhail nua seachadta atá beartaithe agus leis an athrú beartais ionsar 'feidhmíocht', ar cuspóirí iad a dtacaíonn an Chomhairle leo.

2. An 21 Deireadh Fómhair 2020, chomhaontaigh an Chomhairle Talmhaíochta agus Iascaigh cur chuige ginearálta maidir le hathchóiriú CBT, lena n-áirítear, maidir leis an Rialachán Cothrománach[1]. An 23 Deireadh Fómhair 2020, thug Parlaimint na hEorpa an vóta maidir lena seasamh caibidlíochta chun críche. Leis na sainorduithe a fuarthas, chuaigh na hinstitiúidí i mbun próiseas caibidlíochta neamhfhoirmiúla.

3. An 10 Samhain 2020, tionóladh an chéad chruinniú tríthaobhach maidir leis na trí thogra le haghaidh athchóiriú CBT agus ó shin i leith, tionóladh ceithre cinn de chruinnithe tríthaobhacha tiomnaithe maidir leis an Rialachán Cothrománach an 4 agus an 18 Nollaig 2020, agus an 29 Eanáir agus an 2 Márta 2021. Tá an cúigiú cruinniú tríthaobhach beartaithe le bheith ar siúl an 25 Márta.

4. Tá an chaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa bunaithe ar 8 gcnuasach d'airteagail idirghaolmhara a bhaineann leis na hábhair seo a leanas: (1) Comhlachtaí rialachais, (2) bainistíocht airgeadais, (3) creat feidhmíochta agus samhail nua seachadta, (4) seiceálacha an Choimisiúin, córais rialaithe agus pionóis, (5) trédhearcacht agus iniúchadh, (6) cúlchiste talmhaíochta, (7) coinníollacht, agus (8) eile.

## II. STAID NA hIMEARTHA

5. Go ginearálta, rinneadh dul chun cinn maith sna pléití tríthaobhacha le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCoimisiún. Thángthas ar chomhaontuithe sealadacha maidir leis na cnuasaigh seo a leanas go háirithe:

- Thángthas ar chomhaontú ginearálta i ndáil leis an gcnuasach maidir le Comhlachtaí Rialachais. De bhrí go bhfuil sé cruthaithe go bhfuil na comhlachtaí rialachais sna Ballstáit ag feidhmiú go maith, go ginearálta, tá an cuspóir céanna ag na hinstitiúidí an *status quo* a choimeád anseo agus foráil a dhéanamh go leanfar de na socruithe reatha. Mar sin féin, ar chúiseanna dlíthiúla, d'éiligh Parlaimint na hEorpa ordú nua do na hairteagail ábhartha lena dtabharfaí aghaidh ar gach comhlacht in airteagal ar leith.

[1] Féach 12151/20.

- I ndáil leis an gcnuasach maidir le bainistíocht airgeadais, tá comhaontú i bprionsabal ann i ndáil leis an tairseach EUR 2000 don smacht airgeadais. Mar sin féin, beidh gá le tuilleadh plé a dhéanamh ar raon feidhme ginearálta an smachta airgeadais mar tá Parlaimint na hEorpa ag iarraidh díolúine ón smacht airgeadais do na réigiúin is forimeallaí, rud nach féidir leis an gComhairle tacú leis. D'aontaigh an Pharlaimint le seasamh na Comhairle maidir le réamhíocaíochtaí a íoc mar go bhforáiltear leis do sholúbthacht. A mhéid a bhaineann leis na leasuithe a bhaineann le CAI arna moladh ag Parlaimint na hEorpa a bhaineann le rátaí réamh-mhaoiniúcháin agus rialacha maidir le saoradh uathoibríoch, níl an Chomhairle réidh chun tús a chur an athuair leis an díospóireacht i ndáil leis an gconclúid ón gComhairle Eorpach maidir le CAI ó mhí Iúil 2020 cé go bhfuil Parlaimint na hEorpa den tuairim nach cuid de phacáiste CAI iad forálacha sonracha earnála.

- I ndáil leis an gcnuasach maidir le trédhearcacht agus iniúchadh, thángthas ar chomhaontú i ndáil leis na tograí ón gComhairle na forálacha trédhearcachta sa Rialachán Cothrománach a ailíniú go teicniúil leis an Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha agus Rialachán na bhForálacha Coiteanna. Agus é d'aidhm aici níos mó trédhearcachta a sholáthar, is mian leis an bParlaimint foráil a dhéanamh sa Rialachán chun go mbeifear in ann tairbhithe agus na grúpaí/sealúchais lena mbaineann siad a shainaithint, i gcás inarb iomchuí. Tuigeann an Chomhairle an tábhacht pholaitiúil a ghabhann leis an éileamh sin ach chuir sí in iúl nár cheart go mbeadh ualach mór riaracháin ar na Ballstáit de thoradh ar éileamh Pharlaimint na hEorpa. Tá gá le tuilleadh plé a dhéanamh anseo, i ndáil freisin leis an togra ón gCoimisiún i ndáil le hAirteagal 57 maidir le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint (ar cuid é den chnuasach maidir le seiceálacha an Choimisiúin, córais rialaithe agus pionóis).

- I ndáil leis an gcnuasach maidir le coinníollacht, is é an dúshlán atá ann tacaíocht Pharlaimint na hEorpa a fháil do chur chuige na Comhairle maidir le hAirteagail 84 go 87 den Rialachán Cothrománach. Tá sé d'aidhm ag na leasuithe ón gComhairle an chothromaíocht cheart a bhaint amach idir *iarracht rialúcháin coinníollachta* agus an gá atá ann rudaí a choimeád simplí agus éadrom ó thaobh riaracháin de. Thar aon ní eile, agus i gcomhréir leis an tsamhail nua seachadta, ba cheart do na Ballstáit a bheith freagrach as an *iarracht rialúcháin coinníollachta*. Tá léirithe ag an bParlaimint go mb'fhéidir go mbeadh sí toilteanach glacadh le cur chuige na Comhairle dá bhfaigheadh sí lamháltais áirithe ón gComhairle maidir leis an sampla cóimheasa, leis an méid nach gcuirfear aon phionós i bhfeidhm ina leith, intinniúlacht an neamhchomhlíonta, agus leis an gcéatadán nó na céatadáin a bheidh le cur i bhfeidhm ar laghduithe.

- Tá tuilleadh oibre ullmhúcháin á dhéanamh faoi láthair ar leibhéal na saineolaithe teicniúla ar an gcnuasach maidir le seiceálacha an Choimisiúin, córais rialaithe agus pionóis, agus ba cheart go gcuideodh an obair sin chun torthaí nithiúla a bhaint amach ag an 5ú cruinniú tríthaobhach an 25 Márta. Tugadh aghaidh ar an gcnuasach maidir leis an gcreat feidhmíochta agus an tsamhail nua seachadta go pointe áirithe ach ar leibhéal ginearálta i ngach ceann de na trí chruinniú thríthaobhacha dheireanacha. Táthar ag súil, áfach, go mbeidh na pléití nithiúla dírithe ag an gcnuasach sin ag cruinnithe tríthaobhacha an 25 Márta maidir leis an Rialachán Cothrománach agus ag cruinnithe tríthaobhacha an 26 Márta maidir leis na trí thogra le haghaidh athchóiriú CBT. Pléifear an cnuasach maidir leis an gcúlchiste talmhaíochta sna seachtainí amach romhainn.

- Tugadh aghaidh cheana féin sa chaibidlíocht ar roinnt gnéithe den chnuasach maidir le feidhmíocht agus an tsamhail nua seachadta agus léiríodh go bhfuil difríochtaí móra ann idir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle. Creideann an Pharlaimint nach féidir leis an gcóras atá bunaithe ar fheidhmíocht atá beartaithe an ráthaíocht is gá a sholáthar maidir le caiteachas CBT agus go bhfuil comhchoiteannacht in easnamh ann maidir le cur chun feidhme CBT sna Ballstáit. Molann an Pharlaimint mar sin go dtabharfaí isteach arís an córas reatha bunaithe ar chomhlíontacht: ba cheart incháilitheacht an chaiteachais le haghaidh aisíocaíocht ó bhuiséad an Aontais a bheith ag brath ar chomhlíonadh na gcoinníollacha incháilitheachta do thairbhithe deiridh a leagtar síos i bpleananna straitéiseacha CBT. Bhí an Chomhairle den tuairim, ar ócáidí éagsúla, nach féidir léi glacadh le *córas 2 shraith* ina leagfaí feidhmíocht anuas ar an gcóras reatha atá bunaithe ar chomhlíonadh mar go méadódh sé sin an t-ualach riaracháin ar na Ballstáit go leibhéal do-ghlactha. Tacaíonn an Chomhairle leis an gcóras atá bunaithe ar fheidhmíocht agus leis an tsamhail nua seachadta cé go molaimid modhnuithe áirithe ar an togra ón gCoimisiún ar mhaithe le simpliú agus an ualach riaracháin a sheachaint.

  Is é an dúshlán a bheidh ann sa chaibidlíocht an chothromaíocht cheart a bhaint amach idir éilimh Pharlaimint na hEorpa ar chinnteacht threisithe agus ar chomhchoiteannacht CBT agus mian na Comhairle go ndéanfaí an tsamhail nua seachadta do CBT a shimpliú agus gur lú an maorlathas a ghabhfadh leis. Tá roinnt moltaí curtha i dtoll a chéile ag an Uachtaránacht, lena mbaineann tuilleadh oibre ar Airteagail 8, 11, 39, 40, 47, 57, 57a chun éilimh na Parlaiminte a shásamh go pointe áirithe, agus ar a shon sin ní dhéanfar aon athruithe ar an togra i ndáil le hAirteagal 35 maidir le hincháilitheacht caiteachais do na Ballstáit, i.e. ní áireofar incháilitheacht ar leibhéal na dtairbhithe ar *cheanglais bhunúsacha de chuid an Aontais*.

## III. AN RÓD ROMHAINN

6. Tá cur chuige ginearálta na Comhairle maidir leis an Rialachán Cothrománach bunaithe ar na prionsabail seo a leanas: ar an gcéad dul síos go bhfuil an Rialachán Cothrománach ag feidhmiú go maith agus go bhfuil sé léirithe gur bonn daingean chun CBT a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air. Is é sin le rá, nach gá rud atá ag feidhmiú go maith a athrú. Ar an dara dul síos, tacaíonn an Chomhairle leis an aistriú paraidíme ionsar fheidhmíocht trí bhíthin samhail nua seachadta. Mar sin féin, chun an t-ualach riaracháin ar fheirmeoirí agus ar riaracháin araon a theorannú agus chun rudaí a choimeád chomh simplí agus is féidir, molann an Chomhairle roinnt leasuithe ar an togra ón gCoimisiún. Ar an tríú dul síos, tá an Chomhairle in aghaidh *chóras 2 shraith* ós rud é go méadódh sé an t-ualach riaracháin ar na Ballstáit ar leibhéal doghlactha agus go rachadh sé i gcoinne an chuspóra CBT a shimpliú.

7. Tá sé ar intinn ag an Uachtaránacht leanúint de chosaint a thabhairt do na prionsabail thuasluaite sa chaibidlíocht bhreise ar an Rialachán Cothrománach maidir le hábhair atá íogair ó thaobh na polaitíochta de, amhail feidhmíocht agus samhail nua seachadta, rialuithe coinníollachta agus pionóis agus an cúlchiste talmhaíochta.

8. Ag an gcruinniú a bhí ag an gCoiste Speisialta um Thalmhaíocht an 8 Márta, chuir na Ballstáit a dtuairimí in iúl maidir le trí shaincheist shonracha. Ar bhonn na bpléití a rinneadh sa Choiste Speisialta um Thalmhaíocht, agus d'fhonn na seasaimh sa chaibidlíocht idirinstitiúideach a chomhfhogasú, tá roinnt moltaí déanta ag an Uachtaránacht agus é mar aidhm acu bonn a chur faoin dul chun cinn ionsar phacáiste comhréitigh foriomlán. Ag an gComhairle, agus na míniúcháin thuasluaite á gcur san áireamh, iarrtar ar na hairí a gcuid tuairimí a chur in iúl maidir leis na moltaí ón Uachtaránacht, rud a chuideodh chun a shuí cad iad na seasaimh atá le glacadh sa chaibidlíocht bhreise maidir leis an Rialachán Cothrománach:

- An togra comhréitigh ó Pharlaimint na hEorpa (Airteagal 96), lena gceanglófaí ar <u>thairbhithe</u> cistí gach faisnéis is gá a chur ar fáil lena <u>sainaithint</u>, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, <u>an grúpa lena mbaineann siad</u> a shainaithint.[2] Ag cur san áireamh go dtitfeadh an oibleagáid maidir le faisnéis a chur ar fáil ar thairbhithe den chuid is mó, le hualach riaracháin teoranta ar na Ballstáit, molann an Uachtaránacht seasamh dearfach a ghlacadh i leith an togra comhréitigh le déanaí ó Pharlaimint na hEorpa.

[2] Féach 6704/21 le haghaidh míniú mionsonraithe ar an togra comhréitigh ón bParlaimint.

- An togra ón gCoimisiún (Airteagal 57), lena mbainfí úsáid as córas ARACHNE mar uirlis aonair mianadóireachta sonraí, sainordaitheach chun faisnéis faoi na heagraíochtaí nó na daoine nádúrtha a bhaineann tairbhe as cistiú ón Aontas Eorpach a fhíorú, a thaifeadadh agus a stóráil.[3] Cé go bhféadfaí, trí úsáid a bhaint as uirlis aonair mianadóireachta sonraí, sonraí idir-inoibritheacha agus inchomparáide a chur ar fáil, agus dá thoradh sin tacú le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, ós rud é go bhfuil níos mó ama ag teastáil chun an uirlis a thástáil i gcomhthéacs sonrach CBT, molann an Uachtaránacht, ar an gcéad dul síos, gur cheart úsáid na huirlise sin a bheith deonach do na Ballstáit le linn idirthréimhse.

- Na saincheisteanna atá i gceist maidir leis an iarracht rialúcháin coinníollachta ag na Ballstáit (Airteagail 84 go 87) agus na lamháltais lena bhfuil an Pharlaimint ag súil ón gComhairle i ndáil leis an sampla cóimheasa, leis an méid nach gcuirfear aon phionós i bhfeidhm ina leith, intinniúlacht an neamhchomhlíonta, agus leis an gcéatadán nó na céatadáin a bheidh le cur i bhfeidhm ar laghduithe. Maidir leis na héilimh sin ó Pharlaimint na hEorpa, molann an Uachtaránacht go gcloífí leis an 1 % de thairbhithe don sampla cóimheasa, mar a mhol an Coimisiún (Airteagal 84(3); glacadh leis an méid EUR 100, mar a mhol an Coimisiún i dtosach é (Airteagal 85(2)); glacadh le hAirteagal 86(1) mar a mhol an Coimisiún ar dtús é agus na focail '*má chinneann na Ballstáit amhlaidh*' a bhaint; )); glacadh le hAirteagal 86(2) mar a mhol an Coimisiún ar dtús, i.e. laghdú '3 % mar riail ghinearálta'.

---

[3] Chun míniú mionsonraithe a fháil ar an togra ón gCoimisiún, féach 6704/21 agus WK 12512/2020. Tugtar barúlacha na mBallstát maidir leis an togra ón gCoimisiún in WK 10645/2020 ADD 1-17.